

An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
*faisnéis · comhairle · tacaíocht*

# Méala an Bháis
## Treoir Phraiticiúil

Is é an **Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS)** a d'fhoilsigh an treoir seo. Cuireann sí eolas ginearálta ar fáil agus ní léirmhíniú dlíthiúil í.

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as faisnéis, comhairle agus abhcóideacht a sholáthar maidir le seirbhísí sóisialta agus as an **tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA)** agus an **tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta** do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar fáil.

Márta 2026

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Na chéad chéimeanna tar éis báis | 5 |
| Socruithe sochraide | 7 |
| Costais sochraide | 8 |
| Rochtain ar airgead | 9 |
| Iasachtaí agus fiacha | 12 |
| Tacaíochtaí ioncaim | 14 |
| Cáin | 19 |
| Cáin Fáltas Caipitiúil | 21 |
| Eastát an duine éagtha | 23 |
| Cúnamh agus tacaíocht | 26 |


Dírigh an ceamara ar d'fhón cliste ar an gcód MF chun teacht ar leagan ar líne den bhileog seo, áit a bhfaighidh tú naisc chuig na topaicí uile a chumhdaítear inti.

# Réamhrá

Is treoir é an leabhrán seo maidir le cuid de na ceisteanna praiticiúla a d'fhéadfadh a bheith agat nuair a fhaigheann duine a bhfuil caidreamh dlúth agat leis bás.

Freagraíonn sé ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le rochtain ar airgead, cabhair a fháil le costais na sochraide, bainistíocht a dhéanamh ar eastát an duine a fuair bás, agus saincheisteanna praiticiúla eile a mbeifeá buartha fúthu.

D'fhéadfadh méala an bháis thú a fhágáil trína chéile agus b'fhéidir go bhfuil go leor mothúcháin éagsúla ort. Ná bíodh drogall ort cabhair a iarraidh má tá sí ag teastáil uait. Tá liosta ag deireadh an leabhráin seo d'eagraíochtaí ar féidir leo cabhrú leat.

Is féidir leis an **tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh** agus leis an **Ionad Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit** comhairle agus cabhair a thabhairt duit freisin maidir le haon cheist a bheadh agat. Féach leathanach 26 chun sonraí teagmhála agus tuilleadh eolais a fháil.

Má tá an leabhrán seo á léamh ar líne agat, is féidir leat **cliceáil ar aon téacs a bhfuil cló trom air chun tuilleadh eolais a fháil**. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi na topaicí sa leabhrán seo ach glaoch a chur ar an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh nó teagmháil a dhéanamh freisin leis an Ionad Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit.

# Na chéad chéimeanna tar éis báis

## Bás a chlárú

Ní mór gach bás in Éirinn a thaifeadadh agus a chlárú ag **oifig clárúcháin shibhialta**. Ba cheart duit **an bás a chlárú** a luaithe is féidir. Ba cheart é a chlárú laistigh de 3 mhí, ach tá suas le 12 mhí agat chun an bás a chlárú. Beidh foirm fógra báis de dhíth ort, rud is féidir leat a fháil ón dochtúir a thug aire don duine a fuair bás. De ghnáth, cláraíonn garghaol den teaghlach an bás. Mura bhfuil aon ghaolta ar fáil chun é sin a dhéanamh, is féidir le duine ar bith a bhfuil eolas aige faoin mbás an bás a chlárú. Ní ghearrfar táille ort chun bás a chlárú. Tá táille €20 ann, áfach, chun teastas báis a fháil.

Ba cheart duit an fhoirm fógra báis agus d'aitheantas fótagrafach féin a thabhairt leat chuig oifig clárúcháin shibhialta. Is féidir leat **d'oifig áitiúil a aimsiú ar shuíomh gréasáin hse.ie**, nó glaoch a chur ar 1800 700 700, idir 8rn agus 8in, Luan go hAoine, nó idir 9rn agus 5in ar an Satharn. Beidh roinnt sonraí pearsanta de chuid an duine a fuair bás ag teastáil uait, lena n-áirítear a **n-uimhir PSP** agus ainmneacha iomlána a dtuismitheoirí. De ghnáth, is féidir leat teastas báis a fháil ón gcláraitheoir tráth a chláraítear an bás.

Uaireanta atreoraítear an bás chuig an **gcróinéir**. Tarlaíonn sé sin nuair nach eol cúis an bháis agus nach féidir leis an dochtúir a thug aire don duine a fuair bás í a dheimhniú. Nuair a tharlaíonn sé sin, b'fhéidir go mbeidh ort fanacht tamall sula bhfaighidh tú teastas báis. Tugann oifig an chróinéara teastas báis eatramhach duit, is féidir a úsáid chun fógra a thabhairt don Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), do na **Coimisinéirí Ioncaim** agus d'institiúidí Stáit nó airgeadais eile.

Úsáid as fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus tuilleadh a léamh maidir le **bás a chlárú.**

## Bás thar lear

Má fuair an duine bás lasmuigh d'Éirinn, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le hambasáid nó consalacht na hÉireann. Is féidir leat teacht ar **liosta d'ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann** ar líne ag Ireland.ie, nó glaoch a chur ar +353 1 408 2527. Is féidir le hadhlacóir in Éirinn cuidiú leat plé leis na foirmiúlachtaí agus na socruithe agus cuidiú leat stiúrthóir sochraide oiriúnach a aimsiú sa tír eile. D'fhéadfadh sé a bheith casta agus costasach **an corp a thabhairt abhaile** (rud ar a dtugtar aisdúichiú).

## Cé a chuirfidh mé ar an eolas faoin mbás?

Ba cheart duit a chur in iúl do roinnt institiúidí Stáit go **bhfuair an duine bás**. Más rud é go raibh pinsean Stáit nó **íocaíocht leasa shóisialaigh eile** á fáil ag an duine, ní mór duit a chur in iúl do RCS go bhfuair siad bás. Ní mór duit a chur in iúl do RCS freisin más rud é go raibh **Liúntas do Chúramóirí** nó **Sochar do Chúramóirí** á fháil agat as aire a thabhairt don duine.

D'fhéadfadh sé a bheith an-deacair a insint do dhaoine eile go bhfuair duine de bhur lucht aitheantais bás. Is féidir leat iarraidh ar chara nó ar bhall teaghlaigh cabhrú leat teagmháil a dhéanamh le cairde, le comhghleacaithe oibre agus le teaghlach an duine.

Is gnách fógra a chur i nuachtán áitiúil nó náisiúnta nuair a tharlaíonn bás. Is minic anois a dhéantar é sin ar líne trí sheirbhísí cosúil le **RIP.ie**. Foilseoidh an stiúrthóir sochraide an fógra duit agus is féidir leis athruithe a dhéanamh ar fhógra atá foilsithe cheana féin más gá.

# Socruithe sochraide

Ceann de na chéad rudaí a chaithfidh tú a dhéanamh tar éis an bháis ná socruithe sochraide a dhéanamh. Is féidir le hadhlacóir nó stiúrthóir sochraide déileáil leis an gcuid is mó de ghnéithe na sochraide. Tá liosta de stiúrthóirí sochraide de réir contae ag Cumann Stiúrthóirí Sochraide na hÉireann (IAFD), **iafd.ie**. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le IAFD ar 0818 935 000. Tá **cód cleachtais** ann a mhíníonn cad is féidir leat a bheith ag súil leis óna chomhaltaí.

Má fuair an duine bás san ospidéal, tabharfar a gcorp chuig marbhlann an ospidéil go dtí go ndéanfar socruithe sochraide. Is féidir leat a roghnú an dtabharfaidh tú an duine abhaile nó chuig teach tórraimh.

B'fhéidir gur fhág an duine a fuair bás treoracha ina **n-uacht** faoin gcineál sochraide a theastaigh uathu, bíodh sin **créamadh** nó adhlacadh, cá háit ar mhaith leo go gcuirfí iad agus más mian leo seirbhís sochraide reiligiúnach nó neamhreiligiúnach a bheith acu.

B'fhéidir gur fearr leat sochraid bheag phríobháideach nó b'fhéidir go mbraitheann tú go mbeadh sochraid mhór níos oiriúnaí. Go ginearálta, is rogha phearsanta í sin ba cheart duit féin agus do do theaghlach a dhéanamh. Is féidir le sollúnóir na searmanais cabhrú leis an tsochraid a dhéanamh pearsanta agus speisialta.

Úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus tuilleadh a léamh maidir le **socruithe sochraide.**



# Costais sochraide

I gcásanna áirithe, féadfar sochraid a íoc go páirteach nó go hiomlán roimh ré, nó cumhdaítear **costais sochraide** le polasaí árachais. Seachas sin, tá an duine a shocraíonn an tsochraid faoi dhliteanas costas na sochraide a íoc leis an stiúrthóir sochraide. Is féidir é sin a aisíoc ó **eastát an duine éagtha** (an t-airgead agus an mhaoin a d'fhág an duine a fuair bás ina dhiaidh).

Ba cheart duit costais na sochraide a phlé le gaolta eile, ionas nach mbraitheann tú faoi bhrú costas iomlán na sochraide a chumhdach asat féin.

Má bhíonn deacracht agat íoc as an tsochraid, is féidir le **hÍocaíocht Riachtanas Breise** cuidiú leat leis an gcostas. Is féidir leat iarratas a chur isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí trí:

- Iarratas a dhéanamh ar líne ag **MyWelfare.ie**
- **A iarraidh go seolfar foirm iarratais chugat sa phost**
- Foirm a líonadh isteach ag an Ionad Intreo nó ag an **Ionad Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit**.

Úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus tuilleadh a léamh maidir leis an Íocaíocht **Riachtanas Breise**.

# Rochtain ar airgead

Nuair a fhaigheann duine bás, **aistríonn a maoin chuig a n-ionadaí pearsanta**. Déanann an t-ionadaí pearsanta sócmhainní an duine a fuair bás (airgead, iarmhais agus maoin) a dháileadh ansin de réir an dlí, de réir na huachta - más ann di - nó de réir dlíthe díthiomnachta **mura bhfuil uacht ann**. Déantar cur síos ar na sócmhainní seo mar **eastát an duine éagtha**. Léigh tuilleadh ar leathanach 23.

## Airgead i gcuntais bhainc

Más in ainm an duine a fuair bás agus in ainm an duine sin amháin atá **airgead á choinneáil**, ní bhíonn rochtain de ghnáth ag baill teaghlaigh air go dtí go ndeonófar probháid don ionadaí pearsanta. Ach más beag an méid atá i gcuntas, féadfaidh an banc é a scaoileadh chuig an ionadaí pearsanta nó chuig an neasghaol.

## Cuntais bhainc atá i gcomhainmneacha

Má tá an cuntas bainc in ainm an duine a fuair bás agus ainm a gcéile nó a bpáirtnéara shibhialta, is gnách go n-aistrítear an t-airgead in ainm an chéile nó an pháirtnéara shibhialta atá fós beo. Tá an teastas báis de dhíth ort chun é sin a dhéanamh.

Más in ainm an duine éagtha agus ainm duine eile atá an cuntas bainc, agus má tugadh treoracha don bhanc nuair a osclaíodh an cuntas go raibh an duine eile chun an t-airgead a fháil ar bhás an duine éagtha, is féidir an t-airgead a aistriú isteach in ainm an duine atá fós beo.

Má tá cuntas ann a bhfuil níos mó ná €50,000 ann, beidh litir imréitigh ó na Coimisinéirí Ioncaim de dhíth ort freisin chun go mbeifear in ann an t-airgead a aistriú chuig an sealbhóir cuntais atá fós beo, fad a bheidh imscrúduithe á ndéanamh maidir le dliteanas i leith **Cáin Fáltas Caipitiúil** (CFC). Is cineál cánach oidhreachta é CFC.

Ní gá do chéilí ná do pháirtnéirí sibhialta CFC a íoc ar oidhreachtaí óna chéile. Féach leathanach 21. I gcás nach bhfuil aon treoracha ag an mbanc, is gá scrúdú a dhéanamh ar ar theastaigh ón duine a fuair bás (trí thagairt a dhéanamh dá n-uacht, mar shampla).

## Cuntais comhair creidmheasa

Má bhí cuntas comhair creidmheasa ag an duine a fuair bás agus má **chomhlánaigh siad Foirm Ainmniúcháin bhailí** agus an cuntas á oscailt acu, rachaidh an t-airgead sa chuntas, suas le huasmhéid €27,000, chuig an duine nó na daoine a ainmníodh. Is cuid d'eastát an duine a fuair bás é aon iarmhéid atá fágtha agus déantar é a dháileadh de réir dhlí an chomharbais.

Tá sonraí teagmhála do chomhar creidmheasa áitiúil le fáil ag: **www.creditunion.ie/credit-union-locator/**

## Coigilteas oifige poist

B'fhéidir go raibh cuntas reatha An Post Money ag an duine a fuair bás. Beidh ort **foirm Fógra Báis** a chomhlánú agus ní mór cóip den teastas báis a chur i gceangal léi.

Is féidir leat **teagmháil a dhéanamh le An Post Money** ar 01 705 8000 idir 9:00rn agus 6:00in, Luan go hAoine.

Úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus tuilleadh a léamh maidir le **rochtain ar airgead tar éis báis.**

## Coigilteas Stáit

B’fhéidir go raibh cuntas Coigiltis Stáit na hÉireann ag an duine a fuair bás. Más €25,000 nó os a chionn luach an chuntais, iarrfaidh Coigilteas Stáit na hÉireann an **Deonú Probháide nó Litir Riaracháin**. Beidh ort iad sin a sholáthar freisin má tá Deonú Probháide nó Litir Riaracháin á fáil chun críoch eile.

Is féidir leat **teagmháil a dhéanamh le Coigilteas Stáit na hÉireann** ar 01 705 7200 idir 8:00rn agus 8:00in, Luan go hAoine.

## Pinsin cheirde agus phearsanta

Tá na rialacha lena rialaítear **pinsin cheirde** agus **pinsin phearsanta** ag brath ar théarmaí an phinsin. Más ball de scéim pinsin an duine a fuair bás, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le riarthóirí na scéime chun a fháil amach an bhfuil pinsean ann don chéile, don pháirtnéir sibhialta agus do na leanaí. D’fhéadfadh sé go mbeadh socruithe pinsin ag daoine féinfhostaithe ina dtagann cuid de na hinfheistíochtaí chun bheith ina gcuid den eastát nuair a fhaigheann an duine bás.

D’fhéadfadh **rochtain ar chuid den scéim pinsin** a bheith ag daoine colscartha agus ag daoine a bhfuil a bpáirtnéireacht shibhialta scaoilte, ag brath ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh ordú coigeartaithe pinsin tráth an cholscartha nó an scaoilte. D’fhéadfadh feidhm a bheith ag orduithe coigeartaithe pinsin maidir le comhchónaitheoirí freisin, ach tá na rialacha beagán difriúil.

# Iasachtaí agus fiacha

B'fhéidir go mbeadh imní ort gur fhág an duine a fuair bás **fiacha ina ndiaidh** a chaithfear a aisíoc.

## Iasachtaí pearsanta, cártaí creidmheasa agus rótharraingtí

Tá tú faoi dhliteanas (freagrach) as fiacha atá sínithe agat féin agus astu sin amháin. Má bhíonn deacracht agat aisíocaíochtaí a dhéanamh ar iasacht i d'ainm féin nó i gcomhainmneacha, ba cheart duit a chur in iúl don chuideachta cad a tharla agus a iarraidh orthu am a thabhairt duit chun a fháil amach cad is féidir leat a íoc, i bhfianaise do chúinsí athraithe.

Aisíocaíochtaí ar iasacht atá in ainm an duine a fuair bás agus in ainm an duine sin amháin, ba cheart iad a íoc as an eastát. Má iarrtar ort íocaíochtaí ar iasachtaí a thógáil ar láimh, ar iasachtaí iad atá in ainm an duine a fuair bás agus in ainm an duine sin amháin, ní gá duit é a dhéanamh. Faigh comhairle mura bhfuil tú cinnte cad atá le déanamh. Cuireann **SBCA** comhairle saor in aisce, rúnda agus neamhspleách ar fáil maidir le réimse cúrsaí airgeadais. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le SBCA ar 0818 07 2000, idir 9rn agus 8in, Luan go hAoine.

Tugtar 'fiacha neamhurraithe' ar chártaí creidmheasa, rótharraingtí bainc agus iasachtaí pearsanta. Le fiacha neamhurraithe, níl an ceart ag an gcreidiúnaí (an institiúid a bhfuil na fiacha dlite di) mír mhaoine ar leith a thógáil mura n-íocann an féichiúnaí. Aisíoctar na fiacha sin ón eastát. Ní gá duit féin fiacha a aisíoc ach amháin má tógadh amach iad agus d'ainm luaite leis an gcuntas mar chomhainm.

Mura bhfuil dóthain airgid san eastát chun go n-aisíocfar fiacha neamhurraithe a thóg an duine éagtha amach agus an duine sin amháin, agus mura bhfuil na fiacha clúdaithe ag polasaí árachais, ní féidir leis an gcreidiúnaí a iarraidh ar aon duine eile na fiacha a aisíoc.

## Morgáistí

Má tá morgáiste agat a tógadh amach leis an duine a fuair bás, ba cheart duit a sheiceáil an bhfuil aisíocaíochtaí clúdaithe ag **árachas um chosaint morgáiste**.

Mura bhfuil na haisíocaíochtaí clúdaithe, caithfidh tú leanúint den mhorgáiste a aisíoc. Má bhíonn deacracht agat é a íoc, ba cheart duit labhairt le do sholáthraí morgáiste. Is féidir leat comhairle a fháil ó SBCA freisin.

## Deacrachtaí airgeadais

Má bhíonn deacrachtaí airgeadais agat de dheasca mhéala an bháis, is féidir leat comhairle a fháil ó do SBCA áitiúil.

Tá **clinicí Comhairle Dlí saor in aisce** ar fáil ar fud na tíre agus tá líne faisnéise agus atreoraithe teileafóin acu ar (01) 906 10 10. Tríd an Ionad Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit, is féidir leat sonraí a fháil maidir leis na clinicí atá ar fáil, féach **centres.citizensinformation.ie**

Úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus tuilleadh a léamh ar ár suíomh gréasáin maidir le cad a tharlaíonn **d'fhiacha i ndiaidh báis.**



# Tacaíochtaí ioncaim

Má bhí tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó i gcomhchónaí nó má tá leanaí cleithiúnacha agat, d'fhéadfá a bheith i dteideal íocaíochta leasa shóisialaigh.

Ní mór do lánúin chomhchónaithe a bheith ina gcónaí le chéile faoi dhlúthchaidreamh tiomanta ar feadh tréimhse leanúnach 5 bliana ar a laghad (nó 2 bhliain má tá leanaí cleithiúnacha agaibh le chéile).

Má bhí íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil ag do pháirtnéir, d'fhéadfá a bheith in ann leanúint den íocaíocht a fháil ar feadh 6 seachtaine tar éis a mbáis.

Má bhí thusa i do chúramóir acu, féadfaidh tú leanúint de na nithe seo a leanas a fháil:

- Liúntas do Chúramóirí ar feadh 12 sheachtain tar éis báis
- Sochar Cúramóra ar feadh 6 seachtaine tar éis báis
- Liúntas Cúraim Baile ar feadh 12 sheachtain tar éis báis

## Íocaíochtaí do pháirtnéirí faoi mhéala an bháis

### Pinsean Páirtnéara faoi Mhéala (Ranníocach)

Is íocaíocht sheachtainiúil é an Pinsean Páirtnéara faoi Mhéala (Ranníocach) do pháirtnéir duine a fuair bás. D'fhéadfadh fear céile, bean chéile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir a bheith sa pháirtnéir.

Ní mór duit féin nó do pháirtnéir nach maireann dóthain ranníocaíochtaí **Árachais Shóisialta Pá-Choibhneasa** (ÁSPC) a bheith agaibh chun bheith incháilithe don íocaíocht sin. Ar 66 bliana d'aois a shlánú, méadaíonn d'íocaíocht chuig an ráta **Pinsin Stáit (Ranníocach)**.

Ní dhéantar tástáil acmhainne ina leith, mar sin ní dhéanann ioncam eile amhail tuilleamh, coigiltis nó pinsean ceirde difear dó.


## Pinsean Páirtnéara faoi Mhéala (Neamhranníocach)

Is íocaíocht í sin a ndéantar tástáil acmhainne ina leith do pháirtnéirí faoi mhéala atá faoi bhun 66 bliana d'aois, nach bhfuil leanaí cleithiúnacha acu agus nach gcáilíonn don Phinsean Páirtnéara faoi Mhéala (Ranníocach). Ar 66 bliana d'aois a shlánú, aistrítear thú chuig an **bPinsean Stáit (Neamhranníocach)**.

Ón 21 Iúil 2025, tá comhchónaitheoirí cáilithe i dteideal an Pinsean Páirtnéara faoi Mhéala (Neamhranníocach) a fháil i gcás inar bhásaigh a pháirtnéir nó a páirtnéir an 21 Iúil 2025 nó ina dhiaidh sin.

Ní bheidh tú i dteideal an Pinsean Páirtnéara faoi Mhéala (Ranníocach) nó (Neamhranníocach) a fháil sna cásanna seo a leanas:

- Bhí tú colscartha ón duine éagtha nó bhí do pháirtnéireacht shibhialta díscaoilte, agus tharla bás do pháirtnéara an 21 Iúil 2025 nó ina dhiaidh sin, nó
- Chónaigh tú ar leithligh ó do pháirtnéir agus ní raibh tú i ndlúthchaidreamh díograiseach ar feadh 2 bhliain nó níos mó sula bhfuair do pháirtnéir bás.



# Íocaíochtaí do thuismitheoirí leanaí cleithiúnacha

## Deontas do Thuismitheoir faoi Mhéala

Féadfaidh tú a bheith incháilithe don íocaíocht aonuaire seo más páirtnéir faoi mhéala thú a bhfuil leanaí cleithiúnacha agat agus má tá tú incháilithe d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe.

## Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (ÍTA)

Íocaíocht a ndéantar tástáil acmhainne ina leith í an íocaíocht sin. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht seo más tuismitheoir aonair thú, má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois, mura gcáilíonn tú don Phinsean Páirtnéara faoi Mhéala (Ranníocach) agus má tá an leanbh is óige leat faoi bhun 7 mbliana d'aois.

Má dhéanann tú iarratas ar ÍTA tar éis do do chéile, do pháirtnéir nó do pháirtnéir sibhialta bás a fháil, déantar eisceacht maidir le haois do linbh agus is féidir leat an íocaíocht a fháil ar feadh suas le dhá bhliain ón dáta a fuair do pháirtnéir bás go dtí go slánaíonn an leanbh is óige leat 18 mbliana d'aois.

Má fhaigheann tú **Liúntas Cúraim Baile** do do leanbh, is féidir leat ÍTA a fháil go dtí go slánaíonn do leanbh 16 bliana d'aois.

## Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist

Íocaíocht leasa shóisialaigh a ndéantar tástáil acmhainne ina leith í sin do thuismitheoirí aonair a bhfuil an leanbh is óige acu idir 7 mbliana agus 13 bliana d'aois, an dá aois sin san áireamh.

### Íocaíocht Chaomhnóra

Má thugann tú cúram do leanbh a bhfuil a thuismitheoir (nó a thuismitheoirí) marbh, féadfaidh tú Íocaíocht Chaomhnóra a fháil chun sochair an linbh. Tá teidlíocht ar an Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) ag brath ar ranníocaíochtaí ÁSPC thuismitheoir nó leas-thuismitheoir an linbh. Tá an Íocaíocht Chaomhnóra

(Neamhranníocach) bunaithe ar thástáil acmhainne ar ioncam thuismitheoir an linbh.

## Sochair Bháis faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde (SDC)

D'fhéadfá a bheith incháilithe do **Shochair Bháis faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde (SDC)** má fuair do pháirtnéir sibhialta bás mar thoradh ar an méid seo a leanas:

- Timpiste ag an obair (nó ag taisteal chuig/ón obair)
- Galar ceirde
- Míchumas a bhain leis an obair

Áirítear ar na Sochair Bháis faoin scéim seo:

- Pinsean Páirtnéara faoi Mhéala
- Pinsean Dílleachta (thar ceann linbh chleithiúnaigh)
- Deontas Sochraide

Úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus léigh tuilleadh faoi na **sochair agus teidlíochtaí atá ar fáil tar éis bás duine.**

## Íocaíochtaí eile

Seans go mbeidh tú in ann sochair leasa shóisialaigh agus íocaíochtaí eile a éileamh, ag brath ar do chúinsí.

### Scéim Liúntais Leasa Fhorlíontaigh

Áirítear leis sin liúntas seachtainiúil do dhaoine gan ioncam nó ar bheagán ioncaim, chomh maith leis an **Íocaíocht Riachtanas Breise** do dhaoine nach féidir leo costais riachtanacha aonuaire a íoc, costais sochraide mar shampla.

### Méadú i leith Maireachtáil Aonair

Is íocaíocht sheachtainiúil bhreise í seo do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe agus atá ina gcónaí astu féin.

### Pacáiste Sochair Teaghlaigh

Is pacáiste liúntas é seo chun cuidiú leat do chostais tí a íoc. Tugann sé caoi do dhaoine scothaosta nó do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe cuidiú a fháil lena mbillí gáis nó leictreachais a íoc, agus tugtar ceadúnas teilifíse saor in aisce dóibh freisin.

### Liúntas Breosla

Is íocaíocht í seo chun cuidiú leis an gcostas a bhaineann le do theach a théamh le linn an gheimhridh. Íoctar é le daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarmacha áirithe agus nach bhfuil in ann íoc as a riachtanais teasa féin.

### Liúntas Tacaíochta Teileafóin

Is íocaíocht sheachtainiúil í seo chun cuidiú leis an gcostas cumarsáide agus le costas córais foláirimh tí. Íoctar í le daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe agus a fhaigheann an Méadú i leith Maireachtáil Aonair agus an Liúntas Breosla araon.

### An Scéim Saorthaistil

Ligeann an Scéim Saorthaistil duit taisteal saor in aisce ar iompar poiblí agus ar roinnt seirbhísí príobháideacha iompair in Éirinn.

# Cáin

Tá socruithe speisialta ann maidir le cáin ioncaim i mbliain an bháis agus d'fhéadfá a bheith i dteideal roinnt **creidmheasanna cánach**.

## Bás duine shingil, baintrí nó baintrí fir

Tá feidhm ag na gnáth-chreidmheasanna cánach don bhliain iomlán. Téann aon aisíocaíocht isteach in eastát an duine éagtha.

## Bás céile nó páirtnéara shibhialta

An chaoi a ngearrtar cáin ort sa bhliain, braitheann sé ar an gcaoi ar gearradh cáin ort agus ar do chéile nó ar do pháirtnéir sibhialta sula bhfuair sé nó sí bás.

Má gearradh cáin ar an mbeirt agaibh mar dhaoine singile, gheobhaidh tú creidmheas cánach pearsanta níos airde i mbliain an bháis. Tugtar an **Creidmheas Cánach Baintrí nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh** air sin agus tiocfaidh sé in ionad an chreidmheasa cánach phearsanta a bhí agat ag tús na bliana.

Má gearradh cáin ort faoi mheasúnú ar leithligh, gheobhaidh tú an Creidmheas Cánach Baintrí nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfá a bheith i dteideal creidmheasanna cánach nár úsáideadh ach a leithdháileadh ar do chéile nó ar do pháirtnéir sibhialta.

Má dhéantar cómheasúnú cánach ort, braitheann an chaoi a ngearrtar cáin ort ar cé agaibh a bhí ina dhuine inmheasúnaithe nó ina pháirtnéir sibhialta ainmnithe. Is é sin an duine a bhfuil an t-ioncam is airde aige, de ghnáth, mura roghnaíonn tú a mhalairt.

Más tú féin an duine inmheasúnaithe:

- Íocfaidh tú cáin ar do chuid ioncaim iomlán don bhliain iomlán ar an ngnáthbhealach
- Íocfaidh tú cáin ar ioncam do chéile nó do pháirtnéara shibhialta go dtí dáta an bháis
- Fanfaidh tú sa bhanda ráta cánach agus gheobhaidh tú an creidmheas cánach do lánúin phósta nó do pháirtnéirí sibhialta

Dá mba é nó í do chéile nó do pháirtnéir sibhialta an duine inmheasúnaithe, gearrtar cáin orthu mar a léirítear thuas go dtí dáta an bháis agus:

- Gheobhaidh tú an Creidmheas Cánach Baintrí nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh i mbliain an bháis
- Íocfaidh tú cáin ar do chuid ioncaim agus éileoidh tú creidmheasanna ó dháta an bháis sa bhanda ráta cánach a bhaineann le duine singil

## Creidmheasanna cánach sna blianta tar éis bhliain an bháis

Má tá leanaí cleithiúnacha agat, gheobhaidh tú:

- Creidmheas Cánach Baintrí nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (le leanaí cleithiúnacha)
- Creidmheas Cúramóra Linbh do Dhuine Singil
- Creidmheas Cánach do Thuismitheoir ar Baintreach É/Í (ar fáil ar feadh na chéad chúig bliana tar éis an bháis

Tabhair cuairt ar **citizensinformation.ie** chun eolas cothrom le dáta a fháil faoi **chreidmheasanna cánach agus rátaí eile** nó úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh.

# Cáin Fáltas Caipitiúil

Má fhaigheann tú oidhreacht tar éis bás duine, seans go mbeidh ort cáin a íoc ina leith. Is cineál **Cánach Fáltas Caipitiúil (CFC)** í an cháin sin agus caithfidh an duine a fhaigheann an oidhreacht í a íoc.

Braitheann an cháin is iníoctha ar luach na hoidhreachta agus ar an ngaol idir tú féin agus an duine a bhásaigh. Má fhaigheann tú oidhreacht ó do chéile nó ó do pháirtnéir sibhialta, ní chaithfidh tú CFC a íoc.

Tá trí ghrúpa ann a bhfuil trí theorainn dhifriúla acu maidir le CFC.

## Grúpa A

Baineann an grúpa seo le hoidhreachtaí a thugann tuismitheoirí dá leanaí. I gcúinsí thar a bheith eisceachtúla, d'fhéadfadh feidhm a bheith aige freisin maidir le hoidhreachtaí a thugtar do gharpháiste, nia nó neacht, nó maidir le hoidhreacht a fhaigheann tuismitheoir.

Tá an teorainn is airde ag Grúpa A. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, is é €400,000 an teorainn sin. Ciallaíonn sé sin gur féidir leat suas le €400,000 a fháil le hoidhreacht ó do thuismitheoirí gan cáin a íoc air.

## Grúpa B

Baineann an grúpa seo le hoidhreachtaí a thugtar do thuismitheoir, deartháir, deirfiúr, nia nó neacht, seantuismitheoir, garpháiste nó clann garpháistí.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, is é €40,000 an teorainn sin. Ciallaíonn sé sin gur féidir leat suas le €40,000 san iomlán a fháil le hoidhreacht ó na daoine go léir sa ghrúpa sin gan cáin a íoc air.

### Grúpa C

Baineann an grúpa seo le haon ghaol nach n-áirítear i nGrúpa A nó Grúpa B. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, is é an teorainn ar an méid is féidir leat a fháil le hoidhreacht sa ghrúpa seo €20,000.

Íoctar CFC ag ráta 33%.

I gcás go bhfuair tú tabhartas ón duine le linn a bheo, d'fhéadfaí é sin a chur san áireamh agus an tairseach CFC á ríomh.

I gcás ina bhfaigheann tú oidhreacht ó ghaol le do chéile nó le do pháirtnéir sibhialta nach maireann,

is féidir measúnú a dhéanamh ort faoin ngrúpa a ndéanfaí measúnú ar do chéile nó ar do pháirtnéir sibhialta faoi le linn a mbeo.

## Áras an teaghlaigh

Ní íoctar aon CFC ar áras teaghlaigh a fhaightear le hoidhreacht más amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is tusa céile nó páirtnéir sibhialta an duine éagtha **nó**
- Ba é an t-áras do phríomháit chónaithe phríobháideach agus níl leas agat in aon mhaoin chónaithe eile. Tá rialacha ann maidir le cén fhad a chaithfidh tú a bheith i do chónaí san áras.

Úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus tuilleadh a léamh maidir le **Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)** ar ár suíomh gréasáin.

# Eastát an duine éagtha

D'fhonn údarás a fháil chun an t-eastát a riar, ní mór duit doiciméad dlí a fháil dar teideal **Deonú Ionadaíochta**. Is ordú dlí é sin lena dtugtar an t-údarás duit eastát an duine éagtha a riar.

Má d'fhág an duine éagtha uacht, is é 'seiceadóir' an duine éagtha a thugtar ar an duine a dhéileálann leis an eastát. Ní mór don seiceadóir dul chun probháide.

Ciallaíonn dul chun probháide a iarraidh ar an Oifig Phrobháide nó ar an gClárlann Phrobháide Cheantair chuí na nithe a leanas a dheimhniú:

- Go bhfuil an uacht bailí
- Go bhfuil gach ábhar dlí, airgeadais agus cánach in ord

Ní thagann éifeacht le huachtanna ach amháin nuair a ghlacann an Oifig Phrobháide leis go bhfuil an uacht bailí. Deirtear gur 'promhadh' an uacht. Féadfaidh an Oifig Phrobháide roinnt fiosrúchán a dhéanamh sula ndéanfaidh sí a cinneadh, mar shampla, d'fhéadfadh sí a cheangal ar fhinné amháin nó ar an mbeirt acu mionnscríbhinn a thabhairt. Is féidir leat **teagmháil a dhéanamh leis an gClárlann Phrobháide Cheantair** ar 01 888 6174, idir 10rn agus 1in, Luan go hAoine.

I gcás nár fhág an duine éagtha uacht, tugtar 'riarthóir' ar an duine a dhéileálann leis an eastát. Féadfar riarthóir a cheapadh freisin má tá uacht ann ach:

- Níor ceapadh aon seiceadóir
- Ní féidir leis an duine ceaptha feidhmiú mar sheiceadóir
- Ní féidir nó ní toil leis an seiceadóir a chuid dualgas a dhéanamh

Ní mór don riarthóir Litir Riaracháin a fháil (nó Litir Riaracháin maille le hUacht má tá uacht ann).


Go hiondúil, is é an neasghaol a dhéanann iarratas ar Litir Riaracháin. Tugtar tosaíocht san ord seo a leanas:

- Céile nó páirtnéir sibhialta
- Leanbh
- Tuismitheoir
- Deartháir nó deirfiúr do thuismitheora altrama
- Gaol níos faide amach

Déanfaidh an Chlárlann Phrobháide cinneadh an bhfuil amhras ann maidir le cé atá i dteideal feidhmiú mar riarthóir. Ní mór don riarthóir banna riaracháin a thabhairt don Oifig Phrobháide – is cineál ráthaíochta é sin a léiríonn go ndéanfaidh tú do chuid dualgas i gceart.

Tá dualgais an tseiceadóra agus an riarthóra mórán mar an gcéanna. Mura bhfuil tú cinnte faoi na róil sin, ba cheart duit comhairle dlí a fháil ó aturnae.

Úsáid fón cliste chun an cód MF seo a scanadh agus tuilleadh a léamh faoi **eastát an duine éagtha.**



## Cé atá in ann oidhreacht a fháil?

Má d'fhág an duine éagtha uacht bhailí, dáilfidh an t-ionadaí pearsanta sócmhainní an duine éagtha de réir a mhianta nó a mianta.

Fiú i gcás nach bhfuil céile nó páirtnéir sibhialta ainmnithe san uacht, d'fhéadfaidís fós a bheith i dteideal sciar íosta de shócmhainní an duine de réir dlí. Níl an ceart céanna ag leanaí ach is féidir leo iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt má cheapann siad nach ndearnadh soláthar leordhóthanach dóibh san uacht.

Níl cearta uathoibríocha oidhreachta ag **lánúineacha comhchónaithe**. Mar sin féin, má bhí tú i do **chomhchónaitheoir i gcleithiúnas airgeadais** agus má fhaigheann do pháirtnéir bás, d'fhéadfadh sé go mbeifeá i dteideal cur isteach ar an **scéim sásaimh do lánúineacha comhchónaitheacha**. Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar sholáthar ó eastát do pháirtnéara laistigh de 6 mhí ón dáta a dhéantar iarratas ar Dheonú Probháide.

## Mura bhfuil aon uacht ann

Má fhaigheann tú **bás gan uacht a fhágáil**, dáilfear d'eastát de réir dhlí an chomharbais.

Tarlaíonn sé sin freisin más amhlaidh an méid seo a leanas:

- Níl an uacht bailí toisc nach ndearnadh i gceart í
- D'éirigh le hagóid dhlíthiúil in aghaidh bhailíocht na huachta

Tá rialacha ann maidir leis an gcaoi a roinntear sócmhainní gan uacht, bunaithe ar ghaol na ngaolta leis an duine éagtha.

## Áras an teaghlaigh

Má bhí an t-áras teaghlaigh faoi chomhúinéireacht agat féin agus ag do chéile nó do pháirtnéir agus má tá an dá ainm ar na gníomhais, gheobhaidh tú sciar do pháirtnéara den áras go huathoibríoch má fhaigheann sé nó sí bás.

# Cúnamh agus tacaíocht

Is mór an tacaíocht duit tráth méala labhairt faoi do chuid mothúchán le duine a bhfuil muinín agat as. Ach b'fhéidir nach mbeidh do mhuintir ná do chairde in ann cuidiú leat uaireanta. Sa chás sin, d'fhéadfadh **comhairleoireacht mhéala** a bheith ina cuidiú leat.

Cuidíonn comhairleoireacht mhéala leat an brón a fhiosrú, a thuiscint agus déileáil leis. Is minic gur cabhair ann féin é sólás agus misneach a fháil.

Tá leabhrán maidir le brón agus méala an bháis foilsithe ag FSS do dhaoine atá faoi mhéala agus dóibh siúd atá ag tabhairt tacaíochta dóibh. Is é an teideal atá air **'Bereavement: When someone close dies'.** Is féidir leat an leabhrán a íoslódáil nó a ordú ag **healthpromotion.ie**. Déan teagmháil le FSS ar 1800 700 700, idir 8rn agus 8in, Luan go hAoine, nó idir 9rn agus 5in ar an Satharn.

## Ar líne

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi aon cheann de na hábhair sa leabhrán seo ar **citizensinformation.ie**.

## An tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh

Má tá aon cheist agat faoin eolas sa leabhrán seo, is féidir leat **teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh** ar 0818 07 4000, Luan go hAoine, idir 9.00rn agus 8.00in.

## Lárionaid Faisnéise do Shaoránaigh

Is féidir leat cuairt a thabhairt ar an Lárionad Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit chun eolas agus comhairle a fháil. Aimsigh an lárionad is gaire duit ar **centres.citizensinformation.ie**.

## An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA)

Is **seirbhís atá saor in aisce agus faoi rún** é SBCA do dhaoine a bhfuil fiacha orthu nó atá i mbaol fiacha a tharraingt orthu féin. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Líne Chabhrach SBCA ar 0818 07 2000, Luan go hAoine, idir 9rn agus 8in.

## Comhairleoireacht agus tacaíocht

Is féidir le **Líne Chabhrach Aware** cuidiú leat má tá tú faoi ghruaim nó imníoch. Teil: 1800 80 48 48

Is féidir leat **glaoch ar na Samáraigh** más mian leat labhairt le duine éigin faoin gcaoi a mothaíonn tú. Teil: 116123

Cuireann **AdVIC** comhairleoireacht ar fáil má dúnmharaíodh duine muinteartha leat. Teil: 1800 852 000

Cuireann **Barnardos** líne chabhrach ar fáil chun teacht ar sheirbhísí tacaíochta do leanaí atá faoi mhéala an bháis. Teil: 01 473 2110

Tá eolaire comhairleoirí creidiúnaithe ag Cumann na hÉireann um Chomhairleoireacht agus Síciteiripe. Téigh chuig **www.iacp.ie** nó glaoigh ar 01 230 3536

Cuireann **Foras Ospíse na hÉireann** tacaíocht agus comhairle ar fáil trína Líne Tacaíochta Méala. Teil: 1800 807077

Cuireann **Pieta** comhairleoireacht, teiripe agus tacaíocht ar fáil má tá tú faoi mhéala mar gheall ar fhéinmharú. Teil: 1800 247247 nó seol téacs HELP chuig 51444

Tugann **First Light** tacaíocht do thuismitheoirí agus do dhaoine muinteartha ar bhásaigh leanbh leo faoi bhun 18 mbliana d'aois go tobann. Teil: 1800 391 391

**citizensinformation.ie**

**0818 07 4000,**
Luan–Aoine, 9rn–8in

Ionaid **buail isteach**
ar fud na tíre

**Ceannoifig an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh**
Urlár na Talún, Teach Ché Sheoirse,
43 Sráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath 2, D02 VK65
Teil: 0818 07 9000
Ríomhphost: **info@ciboard.ie**
Suíomh gréasáin: **citizensinformationboard.ie**